


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Oifig an Sparánaí UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Seirbhísí Eastáit UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair:** | Innealtóir Tionscadail |
| **Fad an Phoist:** | Buan X 1 *(Agus chomh maith leis, Painéal DHÁ Mhí DHÉAG do Phoist lánaimseartha ar fhad éagsúil atá folamh ina dhiaidh sin agus atá Buan agus/nó Sealadach)* |
| **Grád:** | Innealtóir Tionscadail |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:** | Oibríochtaí Eastáit – Leibhéal Gairme 5 |
| **Uimhir Thagartha um Phostmheastóireacht:** | N/B |
| **Bainisteoir Líne:** | Bainisteoir Seirbhísí Tógála (nó Ainmní) |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 017954 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | Nicole Johnston |

### Achoimre ar an bPost:

Tá Seirbhísí Eastáit UCD ag iarraidh Innealtóir Tionscadail a cheapadh agus painéal a chruthú óna bhféadfar ceapacháin sa todhchaí a dhéanamh. Beidh cúlra a bhaineann le tógáil ag an iarrthóir rathúil/na hiarrthóirí rathúla agus beidh spéis aige/aici/acu i ngach gné de thógáil ó thús tionscadail go haistriú agus áitíocht. Beifear ag súil go gcuirfidh an duine le gach gné de shaolré an tionscadail lena n-áirítear pleanáil, seachadadh agus áitíocht an fhoirgnimh ina dhiaidh sin agus seirbhísí tacaíochta na hOllscoile.

Beidh an tInnealtóir Tionscadail lárnach chun seachadadh rathúil tionscadal caipitil, bonneagair agus mionchothabhála agus féadfar ról suíomhbhunaithe a leagan air/uirthi chun gníomhaíochtaí a bhaineann le tógáil a chomhordú de réir mar is gá. Beidh an t-iarrthóir rathúil ina p(h)ríomhbhall de Sheirbhísí Eastáit UCD a chuirfidh le hoibriú leanúnach éifeachtach an champais ollscoile bhríomhair ar bhonn 24/7.

Beidh cáilíocht 3ú leibhéal a bhaineann le hinnealtóireacht nó le tógáil ag an gceapaí agus beidh taithí chruthaithe aige/aici i réimse comhchosúil. Beidh scileanna cruthaithe idirphearsanta agus eagraíochtúla aige/aici chomh maith leis an gcumas chun a bheith ag obair ar thionscadail iomadúla i dtimpeallacht ildisciplíneach.
Tairgfear forbairt ghairmiúil agus spreagfar í trí thionscnaimh don cheapaí do stádas Innealtóra Cairte nó dá choibhéis.

### Ábhartha go sonrach don phost seo / IMP. NÓTA d'Iarratasóirí:

Cruthófar painéal sealadach trína líonfar poist **'Innealtóra Tionscadail'** Bhuana nó Shealadacha (lánaimseartha) eile; agus má thagann sé chun cinn laistigh de DHÁ mhí DHÉAG ón gcéad chomórtas chun post Buan lánaimseartha amháin a líonadh atá ar fáil faoi láthair. *[NB: Féadann, agus bíonn, fad na bpost sealadach a thairgtear de bharr Painéil atá á bhunú a bheith éagsúil].*

### Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Beidh ar an Innealtóir Tionscadail an méid seo a leanas a dhéanamh;

- Ionadaíocht a dhéanamh do leasanna Sheirbhísí Eastáit UCD agus cur le gach céim de thionscadail shannta lena n-áirítear dearadh, tógáil, aistriú agus áitíocht ina dhiaidh sin, agus a bheith ag obair go dlúth le

ceannasaithe tionscadail.

- An ról mar innealtóir suíomhbhunaithe UCD (innealtóir cónaitheach) maidir le tionscadail chaipitil roghnaithe chun baint amach gach cuspóra tionscadail a chinntiú.
- Gach gné de chonarthaí Oibreacha Díreacha roghnaithe de chuid UCD a phleanáil agus a bhainistiú lena n-áirítear glanadh suímh, malairtí seirbhíse, oibreacha cumasaithe agus oibreacha feistithe foirgnimh.
- Gníomhú mar idirghabhálaí tionscadail d'aistriú na foirgnimh nua lena n-áirítear oiliúint ar phríomhchórais foirgnimh a eagrú de réir mar is ábhartha d'úsáideoirí deiridh, bainisteoir dualgais, soláthraithe seirbhíse cothabhála agus páirtithe leasmhara eile.
- Próisis bainistíochta tionscadail UCD a chur chun feidhme lena n-áirítear tuairisciú ar chlár, costas agus cáilíocht maidir le gach tionscadal lena n-áirítear rioscaí agus deiseanna a shainaithint.
- Conraitheoirí, foireann deartha agus úsáideoirí deiridh a chomhordú le linn tréimhsí aimsithe fabhtanna agus dliteanais i leith fabhtanna.
- Baill foirne agus soláthraithe seirbhíse a stiúradh, a spreagadh agus meantóireacht a dhéanamh orthu.
- Nósanna imeachta a athbhreithniú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le dearbhú cáilíochta agus comhlíonadh lena n-áirítear
- aighneachtaí teicniúla, iaimh bhalla, ráitis mhodha agus ceadanna oibre.
- Ionchur riachtanach a sholáthar chun a chinntiú go gcuirtear Lámhleabhair Thionscadail Dhigiteacha (DPM) i gcrích go rathúil, go ndeimhnítear iad agus go bhfuil siad ar fáil ag críochnú tionscadail lena n-áirítear O&M, líníochtaí den tógáil, coimisiúnú, deimhnithe críochnaithe, taifid maidir leis na Rialacháin um Rialú Foirgníochta (Leasú) (BCaR), comhtháthú BIM agus comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla etc.
- Raon feidhme mionoibreacha roghnaithe a mheas agus iad a dhearadh, a sholáthar, a bhainistiú agus a aistriú lena n-áirítear taifid BCaR nuair is iomchuí e.g. le haghaidh oiriúnú foirgnimh, oibreacha sibhialta nó críocha cothabhála.
- Príomhról a ghlacadh in oibriú agus i gcothabháil gnéithe sannta de bhonneagar agus d'fhoirgnimh an champais lena n-áirítear bóithre, carrchlóis, córais draenála foirgnimh, uisce, gás, tírdhreach agus limistéir thaitneamhachta etc.
- Gníomhú mar idirghabhálaí tionscadail do thionscadail éagsúla tógála agus bhonneagair, lena chinntiú cumarsáid thráthúil maidir le príomheolas agus tionchair champais le gach páirtí leasmhar tionscadail agus campais.
- A bheith ag obair go dlúth le Bainisteoir Dualgais UCD, Seomra Céadfhreagartha agus Oifig Sábháilteachta UCD (SIRC) chun a chinntiú go gcoinnítear sábháilteacht agus oibríochtaí campais le linn tréimhse thionscadail.
- Cur le foireann freagartha atá ag déileáil le teagmhais oibríochtúla amhail cur isteach seirbhíse nó teagmhais drochaimsire.
- Taifid/tuarascálacha tionscadal leanúnach, miontuairiscí cruinnithe, comhaid iniúchta soláthair a choimeád lena n-áirítear taifid a uasdátú ar bhonneagar campais, amhail líníochtaí, bail, clár sócmhainní, toilleadh etc.
- Cur le huasdátú agus forbairt doiciméad beartais lena n-áirítear Treoracha Deartha Theicniúil na Seirbhísí Eastáit, treoir maidir le friotaíocht urláir in aghaidh sciorradh, tógáil inbhuanaithe/thuisceanach agus Imchlúdach Foirgnimh agus clabhsúr tionscadail/ cleachta foghlamtha.
- Tuarascálacha oibríochta agus tuarascálacha ar stádas tionscadail, uasdátuithe agus moltaí a sholáthar don Lucht Bainistíochta Sinsearaí de réir mar is gá.
- Tacaíocht a sholáthar lena n-áirítear le linn uaireanta frithshóisialta do riachtanais oibríochtúla de réir mar is gá, amhail cur isteach seirbhíse agus teagmhais drochaimsire.
- Aon dualgais ábhartha a dhéanamh de réir mar a iarrann Lucht Bainistíochta Sinsearaí

**95 Innealtóir Tionscadail_2010 Scála Tuarastail: €65,589 - €80,147 in aghaidh na bliana**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear uathu siúd a mbaineann aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe leo. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil sé/sí faoi mhíchumas nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**
Tá Creat Cnuasaigh Poist in UCD agus tá an ról seo mar chuid de **Chnuasach Poist na nOibríochtaí Eastáit agus tá sé ag teacht le Leibhéal Gairme 5**. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha a ndéantar cur síos orthu sa Chreat Cnuasaigh Poist le fáil ag https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

Beidh ar an iarrthóir rathúil na nithe seo a leanas a bheith acu:

- Cáilíocht tríú leibhéal (Leibhéal Céime íosta san innealtóireacht shibhialta nó cáilíocht a bhaineann le tógáil ar leibhéal 8 de NFQ) **agus** 3 bliana ar a laghad de thaithí ar obair ábhartha.

**Inniúlachtaí Feidhmiúla**

Eolas agus tuiscint láidir ar choincheapa, prionsabail agus cleachtais na n-inniúlachtaí feidhmiúla seo a leanas:

- **Grinneas Gnó, Oibríochta agus Teicniúil:** tuiscint shoiléir ar na próisis, na córais agus na riachtanais oibríochta agus theicniúla agus ag an am céanna cur le hoibriú rianúil na Seirbhísí Eastáit go tráthúil.
- **Feabhas Oibríochta:** Acmhainní laistigh d'fhoirne a phleanáil agus a bharrfheabhsú chun torthaí a uasmhéadú agus feidhmíocht atá ag teastáil a bhaint amach. Tuiscint ar chórais ghaolmhara agus ar theicneolaíochtaí gaolmhara.
- **Feasacht Bainistíochta Tógála:** Eolas praiticiúil ar bhainistíocht tógála agus ar fhéidearthacht tógála agus tuiscint ar cheisteanna fadtéarmacha a bhaineann le cothabháil foirgnimh.
- **Sláinte & Sábháilteacht:** Feasacht ar chleachtais tógála sábháilte agus feasacht fhoriomlán ar thimpeallacht champais bheo agus cur leo siúd.

**Príomhinniúlachtaí**

- **Tionscnaíocht a Ghlacadh:** Cumas láidir chun tionscnaíocht a ghlacadh trí ghníomhú go luath chun dul i ngleic le fadhbanna agus chun iad a shocrú agus chun teacht ar réitigh.
- **Cumarsáid Éifeachtach a Dhéanamh:** Scileanna láidir cumarsáide atá léirithe tríd an gcumas chun eolas agus smaointe a chur in iúl do dhaoine agus iad a roinnt leo, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus dearcthaí éagsúla a mheas. Sárscileanna cumarsáide i scríbhinn agus ó bhéal.
- **Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú:** tuiscint shoiléir ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara. Forbraíonn agus cothaíonn sé/sí caidreamh oibre láidir le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.
- **Pleanáil agus Eagrú:** Cumas suntasach chun do chuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach agus tosaíochtaí soiléire a leagan amach chun a chinntiú go mbainfear amach spriocdhátaí.
- **Bainistíocht Tionscadail**: A chinntiú go bhfuil spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha an tionscadail nó an chláir sainmhínithe go soiléir ag an tús. Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, costas agus cáilíocht go cúramach in aghaidh an phlean tionscadail. Eolas agus taithí ar phróisis tionscadail tógála chun spriocanna tionscadail a bhaint amach i gcónaí.
- **Feasacht Eagraíochta:** Tuiscint a léiriú ar Sheirbhísí Eastáit UCD, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus

rialacháin.

- **Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú:** Ní mór d'iarrthóirí a léiriú conas a chuirfidh siad go dearfach le timpeallacht chuimsitheach agus leibhéal feasachta ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chothú.
- **Scileanna TF:** Scil TF chumasach ábhartha.
- Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe a léiriú

Inmhianaithe:

- Taithí oibre ábhartha roimhe seo nó socrúchán in innealtóireacht tionscadail nó i ról comhchosúil.
- Spéis mhór i ngach gné den timpeallacht thógtha
- Scileanna AutoCAD
- Taithí ar obair le Samhaltú Eolais Foirgnimh (BIM) nó a leithéid
- Cáilíocht leibhéil máistreachta.

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí: | https://strategy.ucd.ie/ |
| Oifig an Sparánaí UCD: | http://www.ucd.ie/bursar/ |
| Seirbhísí Eastáit UCD: | http://www.ucd.ie/bursar/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú in UCD: | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | An tUas. Nicky Doyle |
| Teideal: | Bainisteoir na Seirbhísí Tógála |
| Seoladh ríomhphoist: | nicholas.doyle@ucd.ie |
| Fón: | N/B |